2024/2801

4.11.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/2801 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Deireadh Fómhair 2024

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh speicis ghrinnill i limistéar ICES VIII i gcás soithí ar cothrom le 15 mhéadar a bhfad nó ar mó ná sin é faoi bhratach na Beilge

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1415/2024 ([2]) ón gComhairle, leagtar síos na huasleibhéil iarrachta bliantúla iascaireachta.

(2) Na huasleibhéil iarrachta bliantúla iascaireachta a socraíodh le haghaidh speicis ghrinnill i limistéar ICES VIII le haghaidh soithí faoi bhratach na Beilge ar cothrom le 15 mhéadar a bhfad nó ar mó ná sin é, meastar gur baineadh amach na huasleibhéil sin le haghaidh 2024 de réir na faisnéise a fuair an Coimisiún.

(3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stocghrúpa sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú iarrachta

Maidir leis na huasleibhéil iarrachta bliantúla iascaireachta a chionroinntear ar an mBeilg i leith an stocghrúpa speicis ghrinnill i limistéar ICES VIII le haghaidh 2024 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar iad a bheith bainte amach ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Toirmeascfar, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar shoithí ar cothrom le 15 mhéadar a bhfad nó ar mó ná sin é atá faoi bhratach na Beilge nó atá cláraithe sa Bheilg, gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh a bhaineann leis an stoc sin dá dtagraítear in Airteagal 1. Go sonrach, toirmeascfar éisc, ón stoc sin a ghabh na soithí sin, a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1415/2004 ón gComhairle an 19 Iúil 2004 lena socraítear an uas-iarracht bhliantúil iascaireachta i leith limistéir iascaireachta agus iascaigh áirithe (IO L 258, 5.8.2004, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Ar son an Uachtaráin
Maroš ŠEFČOVIČ
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

IARSCRÍBHINN

Uimh.	14/TQ1415
An Ballstát	An Bheilg
Stoc	WWDM
Speiceas	Speicis ghrinnill
Limistéar	Limistéar ICES VIII
Na soithí lena mbaineann	Soithí ar cothrom le 15 mhéadar a bhfad nó ar mó ná sin é
Dáte an iaimh	1 Deireadh Fómhair 2024